Coimisiún na Meán

# Fíorú Meánfhaighteoirí maidir le Gníomhacha Míosúla

## Soláthraithe Seirbhíse ar Líne Ainmnithe

**Réamhrá**

I gcomhréir le Cuid 1 den Phróiseas Réitigh Tobhaigh arna fhoilsiú ag Coimisiún na Meán (an '**Coimisiún**'), déanfaidh an Coimisiún fíorú Meánfhaighteoirí maidir le Gníomhacha Míosúla ('**AMARanna**') mar a leagtar amach thíos.

Tar éis ráiteas soláthraí a fháil lena ndeimhnítear AMARanna Logáilte isteach (a '**Ráiteas AMARanna**'), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas AMARanna chun a dheimhniú dó féin go bhfuil a líon AMARanna Logáilte isteach taifeadta go cruinn ag an soláthraí.

Tá teimpléad do Ráiteas AMARanna i gceangal le Foscríbhinn A a ghabhann leis seo. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le forálacha an ordaithe tobhaigh ábhartha, a cheangal ar sholáthraí cóipeanna de na taifid sin atá ábhartha maidir le tobhach a ríomh agus a íoc a thabhairt don Choimisiún, nó cead a thabhairt don Choimisiún (nó d'ainmnitheach) na taifid sin a iniúchadh, lena n-áirítear taifid atá ábhartha maidir le Ráiteas AMARanna soláthraí a ullmhú, ar taifid iad a cheanglaítear ar sholáthraí a choinneáil de bhun an ordaithe tobhaigh ábhartha.

**Amlíne**

Maidir leis an bpróiseas réitigh tobhaigh don bhliain tobhaigh 2024, iarraimid ar gach soláthraí a Ráiteas AMARanna a chur isteach faoin 10 Deireadh Fómhair 2025 chuig levy@cnam.ie.

Ba chóir ceisteanna maidir leis an méid thuas a chur chuig an gCoimisiún ag levy@cnam.ie.

## FOSCRÍBHINN A – Teimpléad maidir le Ráiteas AMARanna atá le líonadh isteach ag stiúrthóir de chuid an tsoláthraí

Stiúrthóir Airgeadais agus Soláthair
Coimisiún na Meán
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin
D04 NP20
Éire

[Dáta]

A Uasail XXX, a chara,
Re: [Ainm an tSoláthraí] (‘an Chuideachta’)

I gcomhréir le d’iarratas dar dáta [dáta] soláthraímid an Ráiteas maidir le Meánfhaighteoirí i ndáil Gníomhacha Míosúla (‘AMARanna’) don tréimhse lena gcumhdaítear [luaigh an tréimhse] i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de I.R. Uimh. 175/2024 - An tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21) 2024 (‘an tOrdú Tobhaigh’).

Deimhnímid go bhfuil AMARanna atá logáilte isteach, mar atá luaite thíos, i gcomhréir leis na téarmaí mar a d'iarr tú agus de réir fhorálacha an Ordaithe Tobhaigh.

| | |
|---|---|
| **AMARanna na seirbhíse san Aontas Eorpach, sa tréimhse sé mhí roimh an dáta a ceanglaíodh orainn faisnéis a fhoilsiú ina leith sin i gcomhréir le ceanglais Airteagal 24(2) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. (Sonraigh freisin an uimhir maidir le faighteoirí atá logáilte isteach, murab ionann í.)** | |
| **Tabhair sainmhíniú ar fhaighteoirí gníomhacha na seirbhíse:** | |
| **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar bailíodh AMARanna thuas, lena n-áirítear modheolaíochtaí ríofa agus rianaithe** | |

Mise le meas,

Stiúrthóir